

Cuntas Leithreasa 2015

Vóta 19

Oifig an Ombudsman

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Faisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €1.15 milliún a ghéilleadh don Stáitchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

Feidhmeanna Nua

Síníodh an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 isteach sa dlí an 11 Márta 2015. Tháinig forálacha an Achta i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015. Is é príomhchuspóir an Achta foráil a dhéanamh do chlár brústocaireachta Gréasánbhunaithe, áit a soláthraítear faisnéis don phobal faoi cé hiad na daoine atá ag déanamh brústocaireachta, faoi cé hiad na daoine a bhfuil brústocaireacht á déanamh thar a gceann, faoi na saincheisteanna atá i gceist leis an ngníomhaíocht brústocaireachta, faoin toradh a beartaíodh a bhaint amach leis an ngníomhaíocht brústocaireachta agus faoi cé hiad na daoine a bhfuil brústocaireacht á déanamh orthu. Cuid bhunriachtanach den phróiseas daonlathach is ea an bhrústocaireacht. Déanann sí saoránaigh agus eagraíochtaí a chumasú nó a éascú chun a gcuid tuairimí faoi bheartas poiblí agus faoi sheirbhísí poiblí a chur in iúl do pholaiteoirí agus d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí. Níl sé mar aidhm leis an Acht an bhrústocaireacht a chosc ná a thoirmeasc. Is amhlaidh go bhfuil sé mar aidhm leis an próiseas a dhéanamh níos trédhearcaí.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á reáchtáil ag Oifig an Ombudsman.

Chuathas i mbun na freagrachta seo i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhí ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile a bhí orm mar An tArd-Stiúrthóir. Thairis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta, ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéanfaí earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a aimsiú ar bhealach tráthúil. Is próiseas leantach é cothabháil na rialuithe inmheánacha agus déantar athbhreithniú leantach ar an gcóras agus a éifeachtacht.

Chomhlíon mé na freagrachtaí atá orm i dtaca le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte as seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním leis seo go bhfuil timpeallacht rialaithe, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm

- tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith sannta ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht dá réir
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- cuireadh gnáis fhoirmiúla ar bun chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go nglactar na céimeanna réitithe cuí
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- baineann an Oifig úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) chun riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear na scileanna bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta a theastaíonn uathu, i measc nithe eile. Ina dhiaidh sin, déantar an oiliúint a theastaíonn a eagrú nó a fhoinsiú, de réir mar is cuí.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím leis seo go bhfuil creat gnás riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, ach go háirithe, go bhfuil

- Córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil ar a dhéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialto.
- Athbhreithniú rialta ar siúl ag an ardbhainistíocht de thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin.
- Córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Oifig. Bíonn bainistíocht riosca ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí do phróisis straitéiseacha agus ghnó na hOifige. Is trí chláir rioscaí, trí phleananna straitéiseacha agus gnó agus trí spriocanna aonair CBFF a chuirtear an obair sin i gcrích.
- Córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú. Is i bhfeidhm ag an Oifig atá crua-earraí agus bogearraí nua-aimseartha deisce ríomhaire, atá ar fáil don fhoireann ar fad. Is i bhfeidhm freisin atá freastalaithe, líonraí agus córais agus saoráidí cúltaca agus balla dóiteáin. Is deimhin liom go bhfuil ár gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach.
- Treoirínte rialaithe um infheistiú caipitil agus disciplíní foirmiúla do bhainistíocht tionscadal, atá cuí, i bhfeidhm.
- Chomhlíon an Oifig na treoirínte ach amháin i gcás dhá chonradh dar luach €166,000, rudaí a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Mar a tharla, bhí conarthaí le haghaidh seirbhísí dlí i bhfeidhm don dá chonradh cheana féin. Bronnadh na conarthaí sin tar éis próisis iomaíocha tairisceana, ach b'amhlaidh go ndeachaigh tréimhse na gconarthaí in éag. Toisc gur le dlíthíocht leanúnach a bhain an caiteachas, cinneadh gur cheart leanúint ar aghaidh leis na seansoláthraithe seirbhísí dlí a úsáid, rud a bheadh ní ba stuama ó thaobh úsáid acmhainní de agus a bheadh ní b'éifeachtúla ó thaobh costais de. Reáchtáladh comórtas nua tairisceana ansin agus is faoin gconradh sin anois a shanntar na seirbhísí dlí nua ar fad.

Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá traenáilte go cuí. Feidhmíonn an t-iniúchadh inmheánach faoi chairt a faomhadh in 2013. Tá a chuid oibre stiúrtha ag anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige seo agus tá a bpleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomh-rialuithe a chlúdach ar bhonn céimneach thar tréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá gnáis curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar measúnú iar-iniúchta ar thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Jacqui McCrum

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig an Ombudsman

17 Meitheamh 2016

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasáochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státhiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

Scóip an iniúchta

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

Tuairim faoin gcuntas leithghabhála

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig an Ombudsman. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2016

Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Cuntas Leithreasa 2015

		2015	2014
		Suim soláraithe sa mheastachán	Toradh
		€000	€000
Caiteachas cláir			
A	Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	5,251	4,458
B	An coimisiúin um chaighdeán in oifigí poiblí	1,867	1,351
C	Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil	2,022	2,137
Olliomlán		9,140	7,946
<i>Bain de</i>			
D	Leithreasáí-i-gcabhair	402	362
Glaniomlán		8,738	6,383

Farasbarr don ghéilliúint

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

	2015	2014
	€	€
Farasbarr le tabhairt suas	1,154,075	1,360,072

Anailís an chaiteachais riaracháin

		2015	2014
		Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	6,740	6,041
ii	Taisteal agus cothú	58	48
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	435	484
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	86	42
v	Trealamh oifige agus seirbhís TF seachtracha	232	381
vi	Costais áitreabh oifige	189	130
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus arthbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe	756	209
viii	Táillí dlí	644	611
		9,140	7,946

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

	2015	2014
	€000	€000
Pá	6,041	5,479
Caiteachas eile	1,905	1,239
Olliomlán	7,946	6,718
<i>Bain de</i>		
Leithreasa-i-gcabhair	362	335
Glaniomlán	7,584	6,383
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil		
Ceannacháin airgid	(214)	
Dímheas	108	
	(106)	(36)
Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt		
Íocaíochtaí airgid thirim	(77)	—
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhabhráithe deiridh	(11)	
Laghdú ar stoc	3	
	(8)	25
Caiteachas díreach	7,393	6,372
Caiteachas tabhaíodh in áit eile		
Glancaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	2,019	1,792
Costas glan clár	9,412	8,164

1.1 Glancaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is ionann an glancaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara agus na méideanna measta seo a leanas
I ndáil le Vóta 19 a thabhaítear in áiteann eile.

	2015	2014
	€000	€000
Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais	—	34
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	15
Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir*	832	610
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	1,148	1,129
Vóta 18 Seirbhísí roinnte	9	4
	2,019	1,792

* Athbhreithníodh an figiúr don bhliain 2014. Ní dhearna an t-athrú sin aon difear don toradh don bhliain 2014.

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2015

	Nóta	2015 €000	2014 €000
Sócmhainní caipitil	2.2	309	203
Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt	2.3	99	—
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.4	228	55
Stoic	2.5	13	16
Réamhíocaíochtaí		107	92
Iarmhéideanna eile dochair	2.6	41	134
Glanchistiú ón Státchiste a bhí dlite	2.8	22	(2)
Iomlán na sócmhainní reatha		411	295
Lúide Dliteanais reatha			
Costais fhabhráithe		39	35
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.7	291	187
Iomlán na ndliteanas reatha		330	222
Glansócmhainní reatha		81	73
Glansócmhainní		489	276
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit	2.1	489	276

2.1 Cuntas Maoiniú Stáit	Nóta	2015 €000	2014 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		276	265
Eisíocaíochtaí as an vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	8,738	
Farasbarr le tabhairt suas	Cuntas	(1,154)	
Vóta glan		7,584	6,383
Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile	1	2,019	1,792
Coigeartú ar shócmhainní caipitil atá á bhforbairt		22	—
Costas glan clár	1	(9,412)	(8,164)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		489	276

2.2 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2015	684	519	1,203
Breiseanna	214	—	214
Díúscairtí	—	—	—
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2015	898	519	1,417
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2015	546	454	1,000
Dímheas don bhliain	91	17	108
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	—
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2015	637	471	1,108
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015	261	48	309
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014	138	65	203

2.3 Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt**2015****€000**

Ag 1 Eanáir 2015	—
Coigeartú ar an bhfigiúr don bhliain 2014	22
Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain	77
Aistrithe chuig Clár na Sócmhainní	—
ag 31 Nollaig 2015	99

2.4 Banc agus Airgead Tirim**2015****2014**

ag 31 Nollaig

€000**€000**

Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	228	60
Comhardaithe eile	—	(5)
	228	55

2.5 Stoic**2015****2014**

ag 31 Nollaig

€000**€000**

Stáiseanóireacht	6	6
Ábhar inchaite Teicneolaíochta	7	10
Faisnéise	—	—
	13	16

2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair**2015****2014**

ag 31 Nollaig

€000**€000**

Iarmhéideanna eile dochair	41	60
----------------------------	----	----

2.7 Iarmhéideanna eile creidmheasa	2015	2014
ag 31 Nollaig	€000	€000
Suim atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	147	81
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	56	31
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	14	19
Ranníocaíochtaí pinsin	24	13
	241	144
Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí	38	28
Míreanna veile creidmheasa atá ar fionraí	12	15
	291	187

2.8 Glandliteanas don Státchiste	2015	2014
ag 31 Nollaig	€000	€000
Barrachas le tabhairt suas	1,154	1,360
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(1,176)	(1,358)
Glanchistiú ón Státchiste a bhí dlite	(22)	2

Arna léiriú le:**Féichiúnaithe**

Banc agus Airgead Tirim	228	55
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	41	134
	269	189

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	(241)	(144)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(50)	(43)
	(291)	(187)
	(22)	2

2.9 Tiomantais

B'ionann iomlán na gceangaltas in-fheidhmithe dlíthiúil amhail an 31 Nollaig agus €111,000.

2.10 Dlitanais Theagmhasacha

Ní foláir don Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) trian amháin de chostais dlí duine aonair ag teacht as cás athbhreithnithe bhreithiúnaigh a íoc. Ós rud é nach bhfuil idirbheartaíocht faoi chostais curtha i gcrích, ní féidir an tsuim lena mbaineann a mheas.

3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

		2015		2014
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A	Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí			
A.1	Riarachán - pá	4,541	3,845	3,716
A.2	Riarachán - caiteachas eile	710	613	581
		5,251	4,458	4,297

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €793,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

Tuarastal, Pá agus Liúntais

Bhí gannchaitheamh €696,000 ann mar gheall ar an líon folúntas a tháinig chun cinn agus mar gheall ar an am a tógadh chun na poist sin a líonadh.

Seirbhísí Dlí

Bhí gannchaitheamh €61,000 ann i dtaca le seirbhísí dlí. Maidir leis na suimeanna atá leagtha amach faoin bhfo-mhírcheann seo, baineann siad go príomha le táillí i leith comhairle dlí agus ghairmiúil agus le caiteachas dlíthíochta a bhain le hobair an Ombudsman agus an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Tá sé deacair a thuair go cruinn cá mhéad cás a thiocfaidh aníos agus cén uair a bheidh táillí agus costais a bhaineann leis an gcúirt dlí.

		2015		2014
		Suim soláraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B	An Coimisiúin um Chaighdeán in Oifig Poibil			
B.1	Riarachán - pá	851	709	549
B.2	Riarachán - caiteachas eile	1,016	642	316
		1,867	1,351	865

Athruithe suntasacha

Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár B €516,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí leis sin:

Tuarastal, Pá agus Liúntais

Bhí gannchaitheamh €142,000 ann mar gur soláthraíodh sa bhuiséad do chostais foirne a bheadh i gceist le brústocaireacht a rialáil ar feadh bliain iomlán. Líonadh roinnt de na poist sin le linn na bliana 2015.

Speansais Theagmhasacha

Áirítear leis an bhfo-mhírcheann seo soláthar do speansais theagmhasacha agus do speansais ilghnéitheacha eile. Dá bhrí sin, is gá gur meatairimeach atá cuid den soláthar sin. Bhí róchaitheamh €72,000 ann mar gheall ar chaiteachas suntasach ar fhógraíocht agus mar gheall ar chaiteachas eile a bhain le seoladh an chláir um Brústocaireacht a Rialáil.

Táillí Comhairleachta

Tháinig an coigilteas €487,000 chun cinn toisc gur ní b'ísle ná mar a réamh-mheasadh a bhí an tsuim a caitheadh sa bhliain 2015 ar thionscadal comhairleachta 3 bliana. Bhain an tionscadal sin le córas TF a chruthú chun brústocaireacht a rialáil. Ina theannta sin, bhí moill ann ar chóras nua rianú cásanna a chruthú agus níor tháinig an caiteachas a réamh-mheasadh ina leith chun solais dá bharr sin.

		2015		2014
		Suim	Toradh	Toradh
		soláraithe sa		
		mheastachán		
		€000	€000	€000
C	Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil			
C.1	Riarachán - pá	1,348	1,487	1,214
C.2	Riarachán - caiteachas eile	674	650	342
		<u>2,022</u>	<u>2,137</u>	<u>1,556</u>

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár C €115,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

Tuarastal, Pá agus Liúntais

Bhí róchaitheamh €139,000 ann ar thuarastal, pá agus liúntais Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF) agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil (OCFC). Tháinig an róchaitheamh sin as acmhainní breise foirne á bheith á sannadh chuig na réimsí sin chun déileáil leis na méaduithe 32% agus 72% a bhí ann ar an líon cásanna a tarchuireadh chuig OCF agus chuig OCFC faoi seach sa bhliain 2015, i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2014.

4 Fáltais**4.1 Leithreasáí-i-gcabhair**

	2015		2014
	Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1. Ilghnéitheach	5	13	7
2. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí iomlán	397	349	328
	402	362	335

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2015	2014
Líon foirne ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimsire)	107	89
	2015	2014
	€000	€000
Pá	5,636	5,146
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	34	31
Ragobair	36	35
ÁSPC an Fhostóra	335	267
Pá iomlán	6,041	5,479

5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2015 €	2014 €
Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	9	1	11,333	9,774
Ragobair agus tinrimh bhreise	23	—	7,549	5,296
An líon daoine a fuair luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin	6	1	13,216	9,774

5.2. Ró-íocaíochtaí tuarastail

Agus 8 gcás i gceist leo, b'ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €13,148 (2014: €7,490, 5 chás). Tá pleananna i bhfeidhm i 3 chás chun €4,030 den tsuim sin a aisghabháil.

6. Ilghnéitheach

6.1 Costais dlí

					2015	2014
	An líon	Costais dlí ar	Costais	Costais dlí a	iomlán	iomlán
	cásanna	íoc Oifig an	dlí a	dámhadh		
		Ombudsman	dlí a			
		iad	dámhadh			
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó						
Dhaoine						
den phobal						
<i>Cásanna</i>						
<i>Athbhreithnithe</i>						
<i>Bhreithiúnaigh a</i>						
<i>réitíodh</i>						
<i>Maidir le:</i>	3	—	37	—	37	—
<i>feidhmeanna an</i>						
<i>Ombudsman</i>						
<i>Maidir le:</i>	1	—	23	—	23	—
<i>feidhmeanna Oifig</i>						
<i>an Choimisinéara</i>						
<i>um Fhaisnéis</i>						
<i>Comhshaoil</i>						
<i>Maidir le:</i>	1	—	77	—	77	—
<i>feidhmeanna Oifig</i>						
<i>an Choimisinéara</i>						
<i>Faisnéise</i>						
	5	—	137	—	137	—